

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05C

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Foghlaimeoidh na daltaí faoi shaincheist amháin imshaoil atá an-dearfach - an t-iolar fíréan atá ag teacht ar ais chugainn. Breathnóidh siar ar chúla an tionscadail agus glacfaidh siad páirt i ról-imirt le freagraí roinnt de na daoine atá bainteach leis an gceist a imscrúdú.

Cuspóirí

Tuiscint a fhorbairt ar na saincheistean cearta a bhaineann le caomhnú an fhiadhúlra agus caomhnú speiceas tábhachtach. Plé a dhéanamh ar chás

comhaimseartha inar éirigh le feabhsúchán imshaoil in Éirinn.

Snáitheann Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Eolaíocht - Dúile Beo; Plandaí agus Ainmhithe

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna

Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag clárú agus ag plé

Am

20 nóiméad ag cur i láthair; 40 nóiméad ról-imirt agus ullmhúchán

Nascadh le Scoileanna Glasa

Ag smaoineamh ar chásanna imshaoil náisiúnta ar éirigh leo

An t-iolair fíréan ar ais arís

AG INÚCHADH SAINCHEISTEANNA IMSHAOIL

CAD A THEASTÓIDH UAIT

→ An scéal ar an iolar fíréan agus an preaschomhad atá faoi iamh


bhfoirm cruinniú poiblí nó i bhfoirm tuairisc raidió nó teilifíse.

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

- 1 Léigh an 'Scéal faoin iolar fíréan' leis na daltaí agus pléigh cad a cheapann siad ar dtús.
- 2 Roinn na daltaí i ngrúpaí agus tabhair amach cóipeanna den phreaschomhad.
- 3 Tabhair amach cóipeanna den tábla atá faoi iamh. Tabhair ról do na grúpaí agus iarr orthu tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh a bheith le rá ag na daoine seo faoin iolar fíréan a bheith ag teacht ar ais.
- 4 Iarr ar gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair. D'fhéadfadh sé sin a bheith i

Ar aghaidh leat

- 1 D'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí alt nuachtáin a scríobh ag tabhairt cuntais ar an 'Scéal faoin Iolar Fíréan'.



CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht C105C

AN TIOLAR FÍRÉAN AR AIS ARÍS

Is éan creiche é an t-iolar fíréan. Is éin iad a bheireann ar ainmhithe eile agus a itheann iad (éin eile, creimirí beaga, éisc agus feithidí uaireanta). Tá gnéithe áirithe ag an iolar fíréan atá comónta le gach éan creiche: tá ingne móra acu le crúba géara le greim a fháil ar a gcreach, tá gob crúcach gear acu le haghaidh feoil a gcreach a stróiceadh agus tá súile móra iontu le bheith ag faire. Bíonn formhór éan creiche ag seilg le linn an lae, ach bíonn cuid acu, an t-ulchabhán ina measc, nach dtagann amach ag seilg go dtí an oíche.

Bhíodh dhá chineál iolar in Éirinn riamh. D'fhaightí an t-iolar fíréan i gceantair shléibhe agus d'fhaightí an t-iolar mara in aice le cóstaí agus le lochanna. Ar an drochuair chuaigh an dá speiceas iolair i léig mar gheall ar athruithe ina dtírdhreach agus i seilg, agus mar gheall ar dhaoine a bheith á sáinniú agus ag tabhairt nimhe dóibh. Shíolraigh an t-iolar fíréan go deireadh i nGleann Bheatha, Co. Dhún na nGall, i 1910.

Tá na hiolair fhíréin beagnach ag barr an slabhra bia. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn aon ainmhithe eile ag faire na n-iolar ach amháin daoine. Nuair a tháinig deireadh leis an iolar fíréan tháinig ainmhithe eile mar shionnaigh agus phréacháin ina n-áit ag barr an tslabhra bia, agus mar gheall

air sin d'ardaigh líon na n-ainmhithe sin. Bhí éifeacht aige sin ansin ar ainmhithe eile a bhí níos faide síos ar an slabhra bia. Is giorriacha, coiníní, préacháin, faoileáin, lacha, sionnaigh óga, minceanna agus speicis bheaga eile is mó a itheann an t-iolar fíréan in Éirinn. D'fhéadfadh na hiolair iad féin a bheathú ar ablach sa gheimhreadh (caoirigh nó fianna marbha).

Ba spórt é éin a chaitheamh a raibh an-tóir air sa ré Victeoiriach, agus b'iontach an éacht é a bheith in ann iolar a chaitheamh. Ag an am ba bhagairt a bhí san iolar d'fheirmeoirí, go háirithe i gcás uan óg, agus mar sin leag go leor feirmeoirí nimh síos do na héin. Chomh maith leis sin, mar gheall go raibh ardú mór ar dhaonra na hÉireann roimh an ngorta thosaigh níos mó daoine ag cur fúthu i gceantair thuaithe, agus mar sin tháinig laghdú ar na gnáthóga a bhí ag na hiolair fhíréin.

Is uirlis chaomhnaithe atá ag dul i méid i gcónaí é speiceas a thabhairt ar ais in áit a raibh sé le fáil ann fadó, agus tá an t-iolar fíréan tugtha ar ais go Dún na nGall anois. Teastaíonn pleanáil mhór ó gach clár ina dtugtar speiceas ar ais. Sular tugadh na hiolair fhíréin ar ais go Dún na nGall chuaigh an grúpa tionscadail i gcomhairle le feirmeoirí áitiúla, le pobail, leis an mbord turasóireachta, le saoi

páirceanna agus le saineolaithe a bhfuil taithí acu ar chlár den sórt sin in Albain. Caitheadh taighde a dhéanamh le dearbhú go raibh dóthain creach beo san áit le go mairfeadh na héin óga. Is as Albain na héin atá tugtha ar ais go Dún na nGall, ina bhfuil daonra seasmhach de thart ar 420 éan. Tá ceadúnas speisialta ag an ngrúpa taighde as Éirinn a thugann deis dóibh oibriú le daonra an iolair fhíréin in Albain.

Ceann de na fáthanna go bhfuil na héin chreiche oiriúnach le tabhairt ar ais chuig áit is ea ná gur minic leis na héin sólru gar don áit a rugadh iad féin. Ó cuireadh tús leis an tionscadal i nDún na nGall. Scaoileadh amach iad i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha i Sléibhte Dhoire Bheatha agus bíonn tarchuradóirí raidió á bhfaire. De bhrí nach dtagann iolair in inmhe go mbíonn siad ceithre nó cúig bliana, níltear ag súil go solrófar aon cheann go dtí 2006 nó 2007. Tá éin óga feicthe ag dul thart agus iad ag aimsiú tailte nua dóibh féin, rud a d'fhéadfadh tabhairt le fios go bhfuil siad ag fáil réidh le dul ag sólru, mar sin táthar ag déanamh dul chun cinn ó thaobh an tionscadail agus ó thaobh na n-iolar fíréan in Éirinn!

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05C

ar leanúint →

PREASCHOMHAD AR AN IOLAR FÍRÉAN

Pleananna leis an iolar Fíréan a shíolrú i nDún na nGall

Le Chris Ashmore

Donegal Democrat, 13 Aibreán, 2000

Is gearr go mbeidh lolair Fhíréin a bhí bailithe i léig in Éirinn ó 1912, le feiceáil go hard os cionn chnoic Dhún na nGall arís.

Tá beartais ar bun ag Cairde Éanlaith Éireann, ag an Irish Raptor Study Group agus ag an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra na hÉin chreiche seo a thabhairt ar ais isteach sa tír arís

I scrúdaithe ar roinnt ceantar go náisiúnta, tá Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha anois ar an suíomh is oiriúnaí leis na hIolair Fhíréin a scaoileadh amach astu ar dtús báire.

Tá sé beartaithe idir 50-75 lolair Fhíréin óga a síolraíodh in Albain a scaoileadh amach i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha thar thréimhse cúig bliana. Tabharfar go Dún na nGall iad i gcliabháin speisialta. Táthar ag súil san fhadtárma go síolróidh na hÉin anseo.

De réir tuarascála a rinne na trí ghrúpa atá ag cur na fiontraíochta chun cinn, agus a bhfuil cóip de feicthe ag an Democrat, táthar ag ag spreagadh le speicis

dhúchasacha na hÉireann atá imithe i léig a thabhairt ar ais san tír. Cuireann na daoine seo béim ar an bpointe chomh maith go dtiocfaidh fás ar thurasóireacht dá mbarr.

Ach teastóidh urraíocht áfach sula rachaidh na pleananna ar aghaidh. Agus teastóidh chomh maith leis sin, tacaíocht an phobail feirmeoireachta agus daoine áitiúla.

Chuathas i dteagmháil le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann i nDún na nGall maidir leis na beartais.

Cheana féin tá imní léirithe faoi lolair ag bheith ag tabhairt ruathar faoi uain óga le haghaidh bia a fháil dóibh féin. Laghdódh an líon sionnach, préachán agus coiníní a bheadh ann freisin nuair a thiocfadh na hiolair.

Tá an FAE chun cruinniú a lorg leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra le tuilleadh a fháil amach faoi na beartais.

Fuarthas lolair Fhíréin tráth i go leor ceantar cósta agus sléibhe in Éirinn, ach mar gheall go rabhthas á marú seasta in aon turas chuaigh na hÉin i léig.

Tá na hiolair tagtha...

Donegal Democrat, Lúnasa 2001

Agus muid ag féachaint ar na hIolair Fhíréin ag eitilt agus ag imeacht thar Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha is léir go bhfuil an-dul chun cinn déanta acu go

dtí seo. Ach ní raibh a dtréimhse ghearr anseo gan chontúirt mar gur maraíodh ceann acu.

An 8 Lúnasa cuireadh clibeanna sciatháin agus tarachuradóirí raidió ar na hÉin ar fad. Cuireadh na clibeanna sciatháin ar a gcuid sciathán uachtarach agus dath buí orthu le spotaí dubha nó línte dubha. Tá ceallraí sna málaí ina bhfuil an raidió agus ba chóir go mairfeadh siad ar feadh ar a laghad ceithre bliana. Tógadh tomhais shonraithe ó gach iolar agus léiríonn na sonraí go raibh trí cinn baineann agus trí cinn fireann ann.

An 9 Lúnasa osclaíodh fuinneoga na gcliabhán agus chuaigh na hÉin ar fad a scaoileadh amach i bhfoisceacht 400m de na cliabháin. Facthas na hÉin gach lá ó scaoileadh amach iad nó rinneadh rianadh orthu leis an raidió agus bhí sé seachtain iomlán ina dhiaidh sin, an 16 Lúnasa, nuair a facthas iad ag déanamh ar an mbia os comhair na gcliabhán. Tugadh bia do na hÉin sna cliabháin suas go dtí an lá ar scaoileadh saor iad agus d'fhéadfadh sé go raibh siad sách trom agus iad ag fágáil na gcliabhán.

Faoin 18 Lúnas bhí péire baineanna bailithe chomh fada le haill mhór laistigh den pháirc. Seo iad an dá iolar fíréan is mó a raibh imeacht fúthu as na cinn ar fad a scaoileadh amach ach ní raibh siad sin féin ach ag eitilt ar

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05C

ar leanúint →

feadh 30 soicind go dtí 2 nóiméad ag an am. Facthas an Seabhad agus an Fiach Dubh ag tuairt agus ag ionramháil na n-iolar corr uair le linn na míosa sin. An 20 Lúnasa facthas an dá éan ag eitilt feadh na haille agus facthas ceann ag iarraidh a theacht anuas ar éadan ingearach na carraige agus ansin thit sé siar go místuama ach fuair sé smacht ar ais air féin agus é ag titim. An tráthnóna céanna facthas an tríú iolar baineann ar gor ar charraig bheag trí troigh ar airde thart ar 1km ón trí cinn fireanna a mbíodh sí in éineacht leo go minic. I lár mí Lúnasa bhí na héin socair an chuid is mó den lá agus gan iad ag eitilt ach ó am go ham agus iad ag dul le haghaidh bia a fháil.

Bhí an mí-adh ar cheann de na héin bhaineanna nuair a fuarthas í le gortuithe dá eireaball ar maidin an 24 Lúnasa. Tugadh chuig an tréidliá í ar an bpointe. Ar chomhairle ón tréidliá agus mar gheall ar an méid fíochán a bhí cailte aici, aontaíodh go drogallach sa deireadh an t-éan a mharú.

Tugadh an t-éan chuig Ionad Iniúchta Tréidliachta na hÓmaí le haghaidh scrúdú iarbháis iomlán a dhéanamh air.

Cé gur ceapadh ar dtús gur sionnach a d'ionsaigh an t-éan, tá an chuma air anois gur gortú a bhain di - is cosúil go ndeachaigh an t-éan i bhfostú i scoilt a bhí i gcarraig nó i ngéaga. Bhí sláinte mhaith ag an éan murach an gortú agus ní raibh aon easpa cothaithe ná aon ghalair ag dul di.

Tuairiscítear go bhfuil ag éirí go maith leis na héin eile.

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI05C

FREAGRAÍ – PREASCHOMHAD AR AN IOLAR FÍRÉAN

Grúpaí nó daoine aonair a raibh baint acu leis an scéal	Cad a cheapfaidís
Feirmeoir caorach áitiúil	
Bord turasóireachta a chuireann saoire i nDún na nGall chun cinn	
Saoiste páirce	
Bainisteoir tionscadail ar chlár athbhunaithe	
Ball club seilge áitiúil	
Dalta scoile a chónaíonn in aice na Páirce Náisiúnta	